



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13583/23

**Comhad Idirinstiúideach:
2023/0332(NLE)**

**JAI 1233
FRONT 289
VISA 191
SIRIS 86**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 549 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 549 final.

Faoi iamh: COM(2023) 549 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 29.9.2023
COM(2023) 549 final

2023/0332 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

I mí an Mheithimh 2018, thug an Coimisiún togra ar aghaidh le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus do víosaí [COM(2018/473)].

Glacadh Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí don tréimhse 2021-2027 (dá ngairtear ‘Rialachán IBTV’ anseo feasta) an 7 Iúil 2021.

Is é is cuspóir do Rialachán IBTV dlúthpháirtíocht a léiriú trí mhaoiniú a thabhairt do na (Ball)Stáit sin a chuireann forálacha *acquis* Schengen maidir le teorainneacha seachtracha i bhfeidhm. Is forbairt é ar *acquis* Schengen a bhfuil na tíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a thuilleadh rannpháirteach ann (‘tíortha atá comhlachaithe le Schengen’ nó ‘tíortha comhlachaithe’).

An 18 Lúnasa 2021, thug Prionsacht Lichtinstéin fógra faoina cinneadh glacadh le hábhar Rialachán IBTV agus é a chur chun feidhme ina dlíchóras inmheánach. Déanann an Coimisiún an togra seo a thíolacadh sula bhfuil fógra faighte aige ó Phrionsacht Lichtinstéin maidir lena ceanglais bhunreachtúla a chomhlíonadh ionas nach ngiorrófar an t-am a chuirtear Rialachán IBTV i bhfeidhm i bPrionsacht Lichtinstéin. I gcomhréir le haithris 75 de Rialachán IBTV, ba cheart an socrú sin a thabhairt i gcrích tar éis don tír lena mbaineann a chur in iúl i scríbhinn gur comhlíonadh a ceanglais inmheánacha ar fad.

Foráiltear le mír 6 d’Airteagal 7 de Rialachán IBTV gur cheart ‘socruithe’ a dhéanamh chun sonrú a dhéanamh maidir le cineál agus modhanna rannpháirtíochta na dtíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt i IBTV, i gcomhréir le forálacha ábhartha na gcomhaontuithe comhlachais faoi seach. Is i bhfoirm comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tíortha atá comhlachaithe le Schengen i gcomhréir le hAirteagal 216 CFAE atá na socruithe sin.

Ba cheart a shainiú sna comhaontuithe freisin an ranníocaíocht airgeadais ó na tíortha sin le buiséad an Aontais le haghaidh IBTV. Ba cheart na ranníocaíochtaí airgeadais a ríomh i gcomhréir le holltáirgeacht intíre gach tíre comhlachaithe mar chéatadán d’olltáirgeacht intíre na stát rannpháirteach uile.

De bhua chomhaontuithe comhlachais Schengen, ní mór do na tíortha comhlachaithe glacadh go hiomlán le bearta an Aontais, lena n-áirítear Rialachán IBTV, lena gcuirtear le *acquis* Schengen nó lena ndéantar é a fhorbairt.

Ba cheart buiséad an Aontais a leithdháiltear ar IBTV a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (dá ngairtear an ‘Rialachán Airgeadais’ anseo feasta). Ní mór do thíortha atá comhlachaithe le Schengen na bearta is gá a dhéanamh freisin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha atá ábhartha maidir le bainistíocht agus rialú airgeadais a leagtar síos in CFAE agus i ndlí an Aontais a fhaigheann a bhunús dlí ó CFAE.

Tugann na comhaontuithe sásraí sonracha isteach freisin chun coigeartuithe tapa a dhéanamh ar na comhaontuithe, i gcás athruithe ar phríomhreachtaíocht an Aontais atá ábhartha don chur chun feidhme, amhail an Rialachán Airgeadais.

Maidir le rialuithe buiséadacha agus airgeadais, tá na Ballstáit faoi réir oibleagáidí cothrománacha (e.g. inniúlacht na Cúirte Iniúcháirí, inniúlacht na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), inniúlacht OIPE agus inniúlacht an Choimisiúin), bíodh sin go díreach on gConradh nó ó reachtaíocht thánaisteach an Aontais. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir

leis na Ballstáit *ipso facto* agus dá bhrí sin níl siad leagtha síos i Rialachán IBTV. Dá bhrí sin, ní mór na hoibleagáidí sin a leathnú chun go gcumhdófar na tíortha comhlachaithe tríd an gComhaontú lena mbaineann an togra seo.

Tá foráil sna comhaontuithe freisin maidir leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS). Tá gá leis sin i bhfianaise Airteagal 86 de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226, ina sonraítear go sannfar do bhuiséad an Aontais aon ioncam eile a ghinfidh ETIAS tar éis costais a oibríthe agus a chothabhála a chumhdach. Chun Airteagal 86 de Rialachán (AE) 2018/1240 a chur i bhfeidhm go cothrom maidir le gach Stát rannpháirteach sa Rialachán sin, ba cheart ranníocaíocht na dtíortha comhlachaithe le saoráid théamach na hIonstraime a laghdú go comhréireach má shanntar agus nuair a shannfar an t-ioncam atá fágtha do bhuiséad an Aontais.

Ba cheart don Aontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le gach ceann de na ceithre tír atá comhlachaithe le Schengen. Baineann an togra seo leis an gcomhaontú le Prionsacht Lichtinstéin.

Tá téacs an Chomhaontaithe cosúil le téacs na gcomhaontuithe maidir leis na tíortha eile atá comhlachaithe le Schengen, cé is moite de roinnt eisceachtaí, a bhaineann go príomha leis an modh bainistíochta.

I gcomhréir leis an sainordú caibidlíochta, ní bheidh clár ag Lichtinstéin, i bhfianaise a staide sonraí (gan teorainneacha seachtracha aige, an t-ualach atá air cloí leis an gcreat rialála bainistíochta comhroinnte - Rialachán na bhForálacha Coiteanna¹ - gan bheith i gcomhréir lena leithdháileadh tosaigh de EUR 8 milliún don tréimhse 2021-2027). Ina ionad sin, gheobhaidh Lichtinstéin a leithdháileadh faoi bhainistíocht dhíreach. Dá bhrí sin, foráiltear leis an gComhaontú go gcuirfidh Lichtinstéin Teideal VIII – Deontais den Rialachán Airgeadais i bhfeidhm ina iomláine. Murab ionann agus na tíortha eile atá comhlachaithe le Schengen, níl aon ghá le coigeartú ar an sásra athbhreithnithe meántearma sa bhunghníomh, in éagmais aon cheann de na cúinsí a shaináithnítear in Airteagal 28 de IBTV a bheadh chun leasa Lichtinstéin. Leagtar amach sa Chomhaontú an chaoi a mbeidh rochtain ag Lichtinstéin ar an gcistiú (trí chomhaontuithe deontais, trí mhalartú bliantúil leis an gCoimisiún maidir le riachtanais).

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra seo comhaontú a shíniú idir an tAontas agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le ranníocaíocht na tíre sin leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí don tréimhse 2021-2027 agus maidir leis na rialacha forlíontacha is gá don rannpháirtíocht sin. Baineann sé leis an tríú glúin den chineál seo socraithe.

¹ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Immheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní bhaineann le hábhar.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo chun an Comhaontú a shíniú bunaithe ar Airteagail 77(2) agus 218(5)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus dá dtagraítear in Airteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2021/1148, tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus dá bhrí sin níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá gá leis an togra seo chun an ceanglas a chumhdaítear in Airteagal 7(6) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/1148 a chur chun feidhme trína ndéanfar socruithe le tíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt chun cineál agus modhanna a rannpháirtíochta a shonrú san Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha.

I gcomhréir le hAirteagal 13(6) den Chomhaontú, is gá an Comhaontú, cé is moite d'Airteagal 5 de, a chur i bhfeidhm go sealadach ón lá tar éis a shínithe.

- **An rogha ionstraime**

Ní bhaineann le hábhar.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar, ós rud é go bhfuil an togra nasctha le bainistiú an chláir agus go bhfuil sé dírithe ar chomhaontú idirnáisiúnta a shíniú, comhaontú a caibidlíodh ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta arna mbunú ag an gComhairle. Leanfaidh Prionsacht Lichtinstéin na rialacha a shainítear sa Rialachán lena mbunaítear an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht

Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí, agus sna hairteagail is infheidhme den Rialachán Airgeadais mar an gcéanna le Ballstáit an Aontais.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Ceartha bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

In Airteagal 10 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an dréacht-Chomhaontú, tugtar tuairisc ar na forálacha a bhaineann le ranniocaíochtaí airgeadais bliantúla na tíre comhlachaithe le buiséad an Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh feidhm ag gach ceanglas faireacháin, tuairiscithe, feidhmíochta agus meastóireachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1148 maidir le Prionsacht Lichtinstéin.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Níl gá leis.

I bhfianaise na mbreithnithe thuasluaite, molann an Coimisiún go gcinnfidh an Chomhairle go ndéanfar an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais agus go n-údaróidh sé Uachtarán na Comhairle leis an duine nó na daoine a cheapadh a chumhachtófar go cuí chun é a shíniú thar ceann an Aontais.

Tá togra ar leithligh déanta ag an gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin, an comhaontú seo atá i gceangal, maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027². Glacfaidh an Chomhairle an Cinneadh seo i ndiaidh toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

² COM(2023)472

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 21 Feabhra 2022, d'údaraiigh an Chomhairle an Choimisiún le tús a chur le caibidlíocht³ leis an Íoslainn, le Ríocht na hIorua, le Cónaidhm na hEilvéise agus le Prionsacht Lichtinstéin i ndáil leis na socrúithe maidir le ranníocaíochtaí airgeadais na dtíortha comhlachaithe agus leis na rialacha forlíontacha is gá chun go mbeidh siad rannpháirteach, lena n-áirítear forálacha lena n-áirithítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus cumhachtaí iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí, atá le tabhairt i gerích de bhun Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴. Tugadh an chaibidlíocht le Prionsacht Lichtinstéin i gerích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú an 16 Meitheamh 2023.
- (2) Cuireann Rialachán (AE) 2021/1148 le *acquis* Schengen, agus chinn an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an Rialachán sin a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo, agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (3) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle⁵. Dá bhrí

³ Cinneadh (AE) 2022/442 ón gComhairle an 21 Feabhra 2022 lena n-údaraiítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Íoslainn, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin d'fhonn Comhaontuithe a thabhairt i gerích idir an tAontas Eorpach agus na tíortha sin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IO L 90, 18.3.2022, lch. 116).

⁴ Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48).

⁵ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

- (4) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 13(6) den Chomhaontú, ba cheart an Comhaontú, cé is moite d'Airteagal 5 de, a chur i bhfeidhm go sealadach ón lá tar éis a shínithe.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027, a fhorhmeas thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích.

Tá téacs an Chomhaontaithe atá le síniú i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Déanfaidh Ard-Rúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí a bhunú chun an Comhaontú a shíniú, faoi réir a thabhairt i gcrích, don duine nó do na daoine a shonróidh an Coimisiún.

Airteagal 3

Cuirfear an Comhaontú, cé is moite d'Airteagal 5 de, i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 13(6) den Chomhaontú ón lá tar éis a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*